FÉACH THART Rang 5

STAIR

le Máire Ní Ghallchobhair

Scéim bliana le haghaidh Rang 5 atá sa phacáiste **Féach Thart: Stair**. Cuirtear 19 dtéama staire i láthair na ndaltaí, iad uile bunaithe ar cheann de shnáithaonaid an churaclaim.

Dhá chuid atá sa phacáiste:

- 19 Sraith sleamhnán (comhaid *Powerpoint* atá ar fáil ar www.gaeilge.ie)
- Leabhar Oibre

Moltar don mhúinteoir an tsraith sleamhnán a úsáid ar dtús chun an téama staire a chur i láthair na ndaltaí. Spreagfaidh an cur i láthair na daltaí le suim a chur san ábhar agus le bheith fiosrach faoi. Pléifidh na daltaí ábhar na sleamhnán agus tabharfaidh siad faoi na gníomhaíochtaí a léirítear iontu. Tugtar naisc chuig suíomhanna gréasáin éagsúla ag deireadh gach sraithe sleamhnán, rud a thabharfaidh deis do na daltaí breis eolais a fháil ar pé téama atá faoi chaibidil sna sleamhnáin.

Tá na 19 mír sa leabhar oibre bunaithe ar an ábhar sna sraitheanna sleamhnán. Tugtar deis do na daltaí dul siar ar a bhfuil foghlamtha acu agus tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar. Tabharfaidh na daltaí faoi cheisteanna scríofa a fhreagairt, crosfhocail a líonadh, focalchuardach a dhéanamh, lipéid a chur ar léaráidí, léaráidí a tharraingt, agus mórchuid gníomhaíochtaí eile. Déanfaidh siad anailís freisin, ar bhealaí éagsúla eile, ar an eolas a cuireadh ina láthair sna sraitheanna sleamhnán.

Moltar na téamaí a chur i láthair san ord ina bhfuil siad sa leabhar oibre, mar atá:

1. An Teileafón
2. Stair mo Mhuintire
3. An tSean-Éigipt
4. Tútancáman
5. Deirdre agus Naoise
6. Na Lochlannaigh
7. Na Lochlannaigh in Éirinn
8. Féilte an Domhain
9. Ferdinand Magellan
10. Réabhlóid Mheiriceá
11. Réabhlóid na Fraince
12. Wolfe Tone agus Éirí Amach 1798
13. An tOideachas in Éirinn
14. Lá Fhéile Pádraig
15. An Scoil Fadó
16. Saol na Tuaithe sa 19ú hAois
17. An Gorta Mór
18. Martin Luther King
19. Seanfhoirgneamh i mo Cheantar